# Nuacht Neasáin

Deireadh Fómhair 2015

## Nuacht agus Fógraí Ginearálta

### Dátaí don Dialann
### *Dates for your diary*

Briseadh Mean Téarma / Mid Term

29/10 - 5/11

Cruinnithe Tuismitheoirí / Múinteoirí

12 & 13 Samhain 2.30 - 5.00

Cuairt Dhaidí na Nollag ar Scoil Neasáin / Daidí na Nollag arrives in Scoil Neasáin

30 Samhain / 30 Nov

Laethanta Saoire na Nollag

*Christmas Holidays*

19 Nollaig

Beidh an grianghrafadóir sa scoil ar an Déardaoin, 22 Deireadh Fómhair chun grianghaf na naíonán agus clanna na scoile a thógáil más mian le daoine iad a fháil.
*The photographer will be in the school Thursday the 22nd to take N1 photos, family photos and class photos if required*

Tá an briseadh meán téarma buailte linn agus tá súil ag foireann na scoile go raibh leath-théarma maith agus taitneamhach ag gach éinne. Bhí leath-théarma an-ghnóthach againn ar scoil agus táim cinnte go bhfuil gach duine ag baint taitneamh as an mbriseadh. Tá súil againn go mbeidh briseadh deas ag gach duine. Beidh an scoil ar oscailt arís Dé Luain 02 Samhain agus lá mór os ár gcomhair ar an 3 Samhain i bPáirc an Chrócaigh. Tá an obair tosaithe ar na fuinneoga agus leanfaidh sé ar feadh tamall eile ach táimid an-sásta leis na fuinneoga nua go dtí seo.

### Cóisir na Samhna

Tá cuireadh ag na gasúir ar fad teacht go dtí Cóisir Samhna na scoile ar an Aoine 23 Deireadh Fómhair. Bainimid an-taitneamh gach bliain as na hiarrachtaí iontacha a dhéanann na páistí gléasadh suas don ócáid. Meabhraítear arís do chuile dhuine nach bhfuil cead aon chónna nó abhar ina bhfuil cnónna a thógáil ar scoil.



### Féilire Scoile

**Beidh féilire scoile ar díol ag Gaeloideas arís i mbliana. Grianghraif ranga á nglacadh Déardaoin 22 deireadh Fómhair**

### CCB Chumann na dTuismitheoirí

**Beidh CCB Chumann an dTuistí ar siúl oíche Chéadaoin 21 DF ag 7.30. Reachtálfar caint ar Thromaíocht ina dhiaidh. Tugtar cuireadh do gach duine bheith i láthair.**

### Páirceáil

Iarrtar ar gach duine aird a thabhairt ar na cóin agus na línte buí taobh amuigh den scoil agus gan páirceáil orthu. Is ar mhaithe le sábháilteacht na bpáistí go bhfuil na línte ansin agus ní láthair tarraingt isteach atá i gceist. Ní mór dúinn ar fad comh-oibriú leis na rialacha páirceála sula ngortaítear páiste.

*We are almost at the mid-term break already and we all hope that this half term has been an enjoyable one for everyone. We have spent a very busy eight weeks in the school and everybody is looking forward to the break. We hope that everybody will enjoy a nice break. The school will re-open on Monday the 2nd November with an important date in Croke Park looming on the 3rd for the girls' football team. Work has commenced on the replacement of windows and will continue throughout the mid-term break.*

### Halloween

*All children are invited to come to school dressed up on Friday next, 23rd October. This is always a fun and memorable day in the school and we always enjoy the wonderful efforts the children make especially with their homemade costumes. May we remind everybody again that no nuts or nut products are allowed in the school. This is for health and safety reasons as a number of children in the school suffer with very severe allergies to nuts.*

### Féilire Scoile / School Calendar

*The School Calendar will be on sale again this year and Gaeloideas are currently working on producing it. Class photos for the calendar will be taken on Thursday, 22nd Oct.*

### AGM Parents' Association

A reminder that the AGM of the Parents' Association will take place on Wednesday night, 21st October at 7.30. The selection of parents for the new Board of Management will be made on that night also.

Following the meeting the Association has organised a training session on Dealing with Bullying. Everybody is welcome to attend.

### Parking

*Everybody is once again reminded that the cones and yellow lines outside must be observed and that no cars are permitted to park on these lines or in areas marked by the cones. The area in front of the gate should not be used as a set down area. Everybody is asked to co-operate with the above in order to ensure the safety of all of the children in the school.*

### Áth Cliath Abú

Comhghairdeas le foireann Áth Cliath a bhuaigh craobh peile na hÉireann arís i mbliana agus go speisialta le hiarscoláire na scoile, Jack Mac Cafraí, a bhí thar cinn sa chomórtas ar fad agus atá i measc na n-ainmnitheach d'imreoir na bliana.

*Congratulation to the Dublin Senior footballers on winning another All Ireland and especially to our own Jack Mac Cafraí for his contribution to the campaign all year and his recent nomination for Player of the*

**Ba chúis mhór bróid don scoil é go raibh beirt iar-scoláire ón scoil ar phainéal sinsir Átha Cliath a shroich craobh peile na hÉireann ag deireadh Meán Fómhair. Bhí Sarah Nic Cafraí agus Emer Ní Éafa ar an bpainéal agus bhí an-mhí-adh orthu nár éirigh leo corn a bhaint amach.**

***Scoil Neasáin is very proud of its past-pupils who were named on the Dublin Senior Football Panel this year. The Dublin team reached the all Ireland final in Croke Part at the end of September and were very unlucky to lose out to a dogged and experienced Cork Side. Sarah Nic Cafraí and Emer Ní Éafa were both on the panel this year.***




Meabhraítear do gach duine nach bhfuil cead madraí a thabhairt isteach ar láthair na scoile.
*Please heed the notes that have issued explaining that only guide dogs are allowed within the grounds.*

# Ar aghaidh linn go Páirc an Chrócaigh

Tá foirne na scoile tar éis bheith an-ghnóthach ó thús na bliana ag traenáil agus ag glacadh páirte sna comórtais éagsúla. D'éirigh leis na buachaillí f13 an ceathrú chraobh sa Chorn a bhaint amach ach faraor gur bhuaileadar le foireann níos láidre ná iad ar an lá. Tá na buachaillí F11 ag cruthú go han-mhaith sa léig s'acu féin agus cumadh an-shláintiúil ar chúrsaí peile son todhchaí. Buíochas do Mhúinteoirí Shane, Seán Ó Fiacháin agus Seán Ó Fathaigh atá ag plé leis na foirne sin.

Tá foireann na gcailíní faoi stiúr Mhúinteoir Tomás tar éis an chraobh a shroichint i bPáirc an Chrócaigh don dara bhliain as a chéile. Beidh siad ag imirt i gcoinne Scoil Naomh Bhríd, Cill Easra ar an 3 Samhain ag 12.00. Ticéid ar díol ar EPP, €5 an duine fásta agus €3 ar pháiste. Beidh R2 – R6 ag taisteal lena ranganna ar bhus. Costas iomlán €6. Is féidir le páistí ó N1, N2 agus R1 taisteal lena dtuismitheoirí chun an chluiche. Beidh duais a bronnadh ar an lá ar an lucht tacaíochta is ildaite mar sin bíodh an dubhghorm agus an oráiste le feiceáil go soiléir agus sinn ag tacú le laochra spóirt na scoile. Scoil Neasáin abú!!

The schools teams have been very busy since the beginning with the school year with training and taking part in different competitions. The senior boys reached the quarter final of their cup competition but unfortunately came up against a stronger team on the day. The Junior boys have been very successful in their league and the future of football in the school is looking very bright. Many thanks to Múinteoirí Shane, Seán and Seán for taking these teams.

The girls' team, trained by Múinteoir Tomás has reached the final in Croke Park for the second year in a row. They will play St. Bridgids Killester in the final on the $3^{rd}$ November at 12.00. Tickets must *be purchased in advance and can be bought on EPP. €5 for an adult, €3 for a child. R2 - R6 will be travelling with their classes by bus to support the teams. Total cost €5. Children from N1, N2 & r1 may travel to the match but must travel with parents and all tickets must be purchased in advance. A prize will be presented on the day to the most colourful spectators so gather up your navy and orange to support our new young sporting heros. Scoil Neasáin abú!!*

## Lá Spórt do Chách

Reáchtáileadh Lá Spórt do Chách sa scoil ar an Aoine 16 Deireadh Fómhair agus bhí an-lá ag gach duine. Mile buíochas do na teaghlaigh ar fad a bhailigh airgead ar na cartaí urraíochta. I mbliana tá sé i gceist againn an t-airgead a roinnt idir an scoil agus carthannacht Leah Carmody, colceathrar le páistí na scoile atá an-tinn i Meirceá faoi láthair. Má tá aon airgead fós le teacht isteach ó chárta ar bith iarraimid é sin a chur isteach chuig an rúnaí faoin Déardaoin, 22 Deireadh Fómhair 2014.

*The Lá Spórt do Chách was organised in the school on Friday, $16^{th}$ October this year and we all had a great day. Many thanks to all the families and children who collected sponsorship and have returned their cards. This year we intend splitting the money raised between the school and the Leah Carmody fund. Leah is a cousin of children in the school who is seriously ill in America. If there is still money outstanding on any sponsorship cards we would appreciate you returning them to the secretary by Thursday $5^{th}$ November.*

# Meitheal sa Ghairdín agus glanadh an Fhómhair

*Tá meitheal á lorg arís i mbliana chun glantachán an Fhómhair a dhéanamh sa ghháirdín. Níl aon taithí garraíodóireachta de dhíth ach fuinneamh, matáin agus cumas tochailte. Beidh Eileen i láthair chun treoir a thabhairt do dhaoine maidir le céard atá le déanamh. Muna mbeidh ar do chumas cuidiú sa ghháirdín fáiltítear i gcónaí roimh na ceapairí agus sóláistí a chuirtear ar fáil don mheitheal. Má tá tuilleadh eolais ag teastáil is féidir labhairt le hEileen nó leis an oifig. Is tráthnóna álainn sóisialta a bhíonn ann go hiondúil mar sin bí linn ar an lá.*

*B'éigean dúinn an dáta a chur siar i mbliana de bharr cluiche fíor-tábhachtach rugbaí a bheith ar siúl ar an gcéad dáta a bhí roghnaithe againn. Tá súil againn go mairfidh an aimsir agus go n-éireoidh linn an obair a chur i gcrích ar an 8ú lá idir 2.00* agus 4.00.

*We are looking for a Meitheal Oibre again this year to help with the Autumn clean up in the garden. No gardening experience required, only muscles, energy and some digging expertise. Eileen will be on hand to offer directions as to what is required. If you are not in a position to help in the garden perhaps you might be able to supply some sandwiches or food for the workers as they welcome their cup of tea after a few hours work. Further information from Eileen or from the office. This is usually a very enjoyable, social afternoon so please come along and join us on the day.*

*The initial date earmarked for this work had to be reviewed in the light of a very important rugby match. (sadly didn't go to plan) We hope that the weather will hold out and we will see you on the $8^{th}$ November between 2.00 and 4.00*